An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 15/24**

**CO EUR 12**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (27 Meitheamh 2024)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine maidir le cogadh na Rúise ar an Úcráin agus maidir le tacaíocht an Aontais Eorpaigh don Úcráin agus dá muintir.*

*

*   *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi roimhe seo maidir le tacaíocht leanúnach a thabhairt do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus athdhearbhaíonn sí tiomantas daingean an Aontais Eorpaigh tacaíocht leanúnach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir chomh fada is gá agus leis an déine is gá. Ní ligfimid don Rúis an svae a bhreith léi. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an géarú ar an gcogaíocht a rinne an Rúis le déanaí, go háirithe na hionsaithe níos déine breise ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach agus criticiúil, go háirithe ar an earnáil fuinnimh.

2. Agus a ceart bunúsach chun féinchosanta á fheidhmiú ag an Úcráin, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an tacaíocht mhíleata atá á cur ar fáil don Úcráin. Go háirithe, tá géarghá le córais aerchosanta, armlón agus diúracáin chun daonra agus bonneagar criticiúil fuinnimh na hÚcráine a chosaint.

3. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair atá déanta chun tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin, ar gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ina leith. Iarrann sí ar an gComhairle bailchríoch a chur go pras ar an obair maidir leis na bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána, a bheidh ina ndreasú breise tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis na tionscnaimh a sheol roinnt Ballstát maidir le harmlón agus diúracáin, aerárthaigh throda, aerchosaint agus oiliúint, agus iarrann sí go leanfaí dá n-atreisiú agus de dhlús a chur leo. Le gurbh fhearr a fhéadfar cabhrú le freastal ar riachtanais oiliúna arm na hÚcráine, tá an tAontas Eorpach sásta tuilleadh a chur le hacmhainneacht Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine).

4. Tar éis gur glacadh gníomhartha dlí de chuid an Aontais chun an t-ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní doghluaiste na Rúise a úsáid ar mhaithe le tacaíocht mhíleata bhreise a chur ar fáil don Úcráin, chun cur le hacmhainneacht a tionscail chosanta agus lena hatógáil a bheith glactha, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go ndéanfar an chéad eisíocaíocht sa samhradh.

   Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle leanúint den obair, agus aghaidh á tabhairt acu ar na gnéithe dlíthiúla agus airgeadais ábhartha uile, chun cistiú breise a chur ar fáil don Úcráin faoi dheireadh na bliana i bhfoirm iasachtaí arna seirbhísiú agus arna n-aisíoc le sreafaí a thiocfaidh ón ioncam urghnách, sa chaoi is go mbeifear in ann timpeall EUR 50 billiún a chur le chéile in éineacht le comhpháirtithe G7, mar a pléadh ag an gcruinniú mullaigh in Apulia, chun tacú le riachtanais mhíleata, bhuiséadacha agus atógála na hÚcráine, anois agus amach anseo. Faoi réir dhlí an Aontais, ba cheart go leanfaí de shócmhainní na Rúise a bhlocáil go dtí go gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin agus go gcúiteoidh sí í as an damáiste atá déanta de dheasca an chogaidh sin.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na gealltanais chomhpháirteacha slándála a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chomh maith le comhaontuithe breise déthaobhacha slándála a thug na Ballstáit agus a gcomhpháirtithe i gcrích leis an Úcráin.

6. Agus an tacaíocht mhíleata sin á tabhairt agus gealltanais slándála an Aontais á gcur i gcrích, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar an gCruinniú Mullaigh ar mhaithe le Síocháin san Úcráin a tionóladh an 15 agus an 16 Meitheamh 2024 san Eilvéis. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá n-iarrachtaí chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a chur ar fáil, go háirithe ó roinnt de na príomhthíortha atá i mbéal forbartha agus de na príomhgheilleagair atá ag teacht chun cinn, do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach arna bunú ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí Phlean Síochána na hÚcráine.

8. Is cúis mhór imní don Aontas Eorpach i gcónaí a bhfuil i ndán do na leanaí uile as an Úcráin agus do na sibhialtaigh eile a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach chuig an Rúis agus an Bhealarúis. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis agus ar an mBealarúis an athuair a áirithiú láithreach go gcuirfear ar ais go sábháilte iad chuig an Úcráin. Is díol sásaimh di na tionscnaimh a fhéachann le cabhrú le leanaí as an Úcráin a thabhairt abhaile dá dteaghlaigh agus dá bpobail, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta chun Leanaí na hÚcráine a thabhairt abhaile, a bhfuil stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach inti anois.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar an gComhdháil ar Théarnamh na hÚcráine a tionóladh an 11 agus an 12 Meitheamh 2024 i mBeirlín. I bhfianaise na drochstaide daonnúla, drochstaid atá ag dul in olcas, go háirithe i réigiúin ar líne thosaigh na hÚcráine, is den ríthábhacht go leanfaí de chúnamh daonnúil agus cosanta sibhialta a chur ar fáil, agus an rochtain dhaonnúil a áirithiú. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, lena n-áirítear cúnamh dímhianaithe, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh a rinne an Chomhairle ar Phlean na hÚcráine, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur eisíocadh suas le EUR 1.89 billiún go pras i réamh-mhaoiniú chun cabhrú le téarnamh agus le hatógáil na hÚcráine, rud a mbaineann fíorphráinn leis in earnáil an fhuinnimh.

10. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit dlús práinneach a chur, i gcomhar lena gcomhpháirtithe, leis an tacaíocht d'earnáil fuinnimh na hÚcráine. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle dlús a chur freisin leis na hullmhúcháin chun tacú leis an Úcráin le linn an gheimhridh.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an t-athnuachan a rinneadh le déanaí ar shainordú Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin (EUAM). Leis sin cuirfear ar chumas an mhisin a iarrachtaí a mhéadú ar fud chríocha saortha na hÚcráine agus sna críocha tadhlacha chun tacú le hathbhunú an smachta reachta, agus le seirbhísí stáit a chur ar fáil sna limistéir sin arís.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an 14ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus an comhaontú maidir le bearta sriantacha breise i gcoinne na Bealarúise. Iarrann sí go ndéanfaí smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go hiomlán agus go héifeachtach agus go ndéanfaí bearta breise chun nach mbeifear in ann dul timpeall orthu, lena n-áirítear trí thríú tíortha. Tá an tAontas Eorpach réidh i gcónaí chun cumas cogaíochta na Rúise a theorannú a thuilleadh agus tathantaíonn sé ar gach tír gan tacaíocht ábharach ná tacaíocht eile a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise.

13. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí go dtabharfar an Rúis agus a lucht ceannais chun cuntais go huile agus go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh acu ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta, agus as an damáiste ollmhór atá déanta ag a gcogadh. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta agus molann sí go leanfaí de na hiarrachtaí ar na snáithe oibre ar fad.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an creat caibidlíochta agus gur reáchtáladh an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas na hÚcráine. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus tacóidh sé lena hiarrachtaí athchóiriúcháin agus í ar a conair Eorpach.

## II. <u>AN MEÁNOIRTHEAR</u>

15. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go láidir na hionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta a rinne Hamas agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023. Cuireann sí in iúl a dlúthpháirtíocht agus a tacaíocht iomlán d'Iosrael agus dá mhuintir agus athdhearbhaíonn sí a tiomantas iomlán dá shlándáil agus don chobhsaíocht réigiúnach. Agus a cheart chun é féin a chosaint á fheidhmiú aige, ní mór d'Iosrael a oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, i ngach imthoisc.

    Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé orduithe ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) a urramú agus a chur chun feidhme, ar orduithe iad atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh Rún 2735 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Iarrann an Chomhairle Eorpach téarmaí an togra maidir le sos cogaidh a chur chun feidhme ina n-iomláine gan mhoill agus gan choinníollacha, rud a thabharfadh sos cogaidh láithreach in Gaza, a dhéanfadh go scaoilfí na ngiall ar fad, go dtiocfadh méadú suntasach inbhuanaithe ar shreabhadh an chúnaimh dhaonnúil ar fud Gaza, agus go mbeadh sos cogaidh marthanach ann agus go gcuirfí deireadh leis an ngéarchéim, agus leasanna slándála Iosrael agus sábháilteacht shibhialtaigh na Palaistíne á n-áirithiú ag an am céanna.

18. Á mheabhrú di gur gá Ordú CBI an 24 Bealtaine 2024 a chur chun feidhme, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di na hiarmhairtí ar an bpobal sibhialta mar gheall ar na hoibríochtaí leanúnacha talún in Rafah.

19. Is saoth leis an gComhairle Eorpach gach bás sibhialtach. Tugann sí dá haire agus is cúis mhór imní di líon do-inghlactha na dtaismeach sibhialtach, go háirithe leanaí, chomh maith le leibhéil thubaisteacha an ocrais agus an garbhaol gorta arb í neamhleordhóthanacht na cabhrach chuig Gaza is cúis leis. Iarrann sí ar na páirtithe uile gach a bhfuil indéanta a dhéanamh chun beatha sibhialtach a chosaint. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a phráinní atá sé go mbeadh rochtain iomlán, thapa, shábháilte, gan bhac ar chabhair dhaonnúil ar scála ag na Palaistínigh atá i ngátar agus go ligfí agus go n-éascófaí d'oibrithe daonnúla agus eagraíochtaí idirnáisiúnta feidhmiú go héifeachtach laistigh de Gaza. Sa chomhthéacs sin, leagann sí béim ar a luachmhara agus a riachtanaí atá na seirbhísí arna soláthar ag UNRWA in Gaza agus ar fud an réigiúin, ar seirbhísí bunriachtanacha iad, agus cáineann sí aon iarrachtaí gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe a lipéadú mar eagraíocht sceimhlitheoireachta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an plean gníomhaíochta a chur UNRWA ar aghaidh. Déanfar dlúthfhaireachán ar a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Iordáin agus ag an Éigipt chun an lasóg a bhaint den bharrach sa ghéarchéim, lena n-áirítear an chomhdháil dhaonnúil a tionóladh san Iordáin an 11 Meitheamh 2024.

20. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hionsaithe a rinneadh le déanaí agus an dochar a rinneadh d'áitreabh Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) mar thoradh orthu in Gaza. Iarrann sí ar na páirtithe uile na réamhchúraimí go léir is féidir a ghlacadh chun díobháil do shibhialtaigh, d'oibrithe daonnúla agus do shaoráidí daonnúla a sheachaint agus chun rochtain a thabhairt do CICD ar áiteanna coinneála, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta.

21. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an foréigean leanúnach atá á dhéanamh ag lonnaitheoirí antoisceacha sa Bhruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir. Iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair ar bhearta sriantacha breise a dhéanamh i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go dtabharfaí rochtain shábháilte ar na suíomhanna naofa agus go seasfaí leis an *status quo*. Ní mór do gach duine stádas agus carachtar speisialta Iarúsailéim agus a Seanchathair a chaomhnú agus a urramú, mar aon le dosháraitheacht a spásanna naofa agus inmharthanacht a pobal uile. Cáineann an Chomhairle Eorpach na cinntí a rinne rialtas Iosrael na lonnaíochtaí neamhdhleathacha a leathnú a thuilleadh ar fud an Bhruaigh Thiar atá faoi fhorghabháil agus tathantaíonn sí ar Iosrael na cinntí sin a aisiompú.

22. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis imní di an teannas méadaitheach sa réigiún, go háirithe feadh na Líne Goirme, agus an scrios leanúnach agus easáitiú éigeantach na sibhialtach ar dhá thaobh na teorann idir Iosrael agus an Liobáin. I gcomhréir le Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na gníomhaithe ar fad guaim a choinneáil orthu féin, tuilleadh géaraithe a sheachaint agus páirt a ghlacadh in iarrachtaí taidhleoireachta idirnáisiúnta. Cáineann an Chomhairle Eorpach go fíorghéar aon bhagairtí atá dírithe ar Bhallstáit an Aontais a chuireann leis an ngéarú freisin agus athdhearbhaíonn sí a dlúthpháirtíocht bhuanseasmhach leis na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint den obair chun tacaíocht an Aontais don Liobáin a neartú, lena n-áirítear tacaíocht d'Fhórsaí Armtha na Liobáine agus d'Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin.

23. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas buanseasmhach do shíocháin mharthanach inbhuanaithe i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar bhonn an réitigh dhá stát, ina mbeidh Stát Iosrael agus Stát na Palaistíne agus é neamhspleách, daonlathach, comhtheagmhálach, ceannasach agus inmharthana, ag maireachtáil taobh le taobh, faoi shíocháin, faoi shlándáil agus faoi aitheantas frithpháirteach. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun próiseas polaitiúil a athbheochan chun na críche sin. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur cuid ríthábhachtach den phróiseas polaitiúil sin é go mbeidh conair inchreidte ag an bPalaistín chun bheith ina stát. Cuideoidh an tAontas Eorpach go gníomhach le hiarracht chomhordaithe idirnáisiúnta chun Gaza a atógáil. Tacóidh sé freisin le hÚdarás na Palaistíne agus é i mbun na n-athchóirithe is gá agus na hacmhainneachtaí institiúideacha a fhorbairt. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí stop le gach gníomhaíocht lena lagaítear Údarás na Palaistíne agus iarrann sí ar Iosrael an t-ioncam imréitigh a coinníodh siar a scaoileadh agus na bearta riachtanacha a dhéanamh le háirithiú go leanfaidh seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir bainc Iosrael agus bainc na Palaistíne de bheith i bhfeidhm.

## III. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

24. Á mheabhrú di na conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta 2024, agus go háirithe gur gá don Eoraip a spleáchais straitéiseacha a laghdú, a hullmhacht fhoriomlán agus a cumais chosanta fhoriomlána a mhéadú agus leanúint dá bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta a neartú dá réir, phléigh an Chomhairle Eorpach na riachtanais chosanta, idir phráinneacha, láithreacha agus mheántéarmacha, agus phléigh sí freisin tionscnaimh Eorpacha chosanta. Reáchtáil sí freisin an chéad phlé maidir le roghanna chun cistiú a shlógadh do chosaint na hEorpa.

25. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint den obair ar gach snáithe, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- bearnaí criticiúla cumais bunaithe ar an bPlean Forbartha Cumais;
- Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa; agus
- an togra le haghaidh Clár um Thionscal Cosanta na hEorpa, d'fhonn go nglacfar é faoi lár 2025.

26. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí roghanna forbartha a thíolacadh, a phléifidh an Chomhairle, le haghaidh cistiú poiblí agus príobháideach chun bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta a neartú agus chun bearnaí criticiúla cumais a líonadh.

27. Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Plean Gníomhaíochta um Shlándáil agus Cosaint a ghlac Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus iarrann sí go gcuirfear chun feidhme go pras é. Iarrann sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta measúnú a dhéanamh ar a bheartas iasachtaithe don tionscal cosanta agus é a oiriúnú a thuilleadh, de réir mar is iomchuí, agus a acmhainneacht mhaoiniúcháin a chosaint ag an am céanna.

28. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus i gcomhréir leis na Conarthaí, agus tá leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh leis.

## IV. <u>IOMAÍOCHAS</u>

29. Mar obair leantach ar na conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2024 agus ar an tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis an obair i dtreo comhaontú nua i ndáil le hiomaíochas na hEorpa, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ar thionscnaimh chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, a athléimneacht eacnamaíoch a dhaingniú agus acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a bhaint amach.

30. I ndáil le hAontas na Margaí Caipitil go háirithe, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair ar na bearta ar fad a sainaithníodh, lena n-áirítear na tograí atá ar feitheamh, is gá chun margaí fíor-chomhtháite a chruthú a mbeidh rochtain ag na saoránaigh agus na gnólachtaí ar fad ar fud an Aontais orthu agus a rachaidh chun tairbhe na mBallstát uile. Athdhearbhaíonn sí an phráinn a bhaineann le hAontas na Margaí Caipitil agus a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as an méid suntasach infheistíochta príobháidí is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

31. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil go ndéanfar dul chun cinn gasta cinntitheach ar gach snáithe den chomhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa faoi dheireadh na bliana agus leanfaidh sí de shúil a choinneáil ar an ábhar sin.

## V. ÁBHAIR EILE

***An imirce***

32. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an imirce agus thug sí dá haire an litir a scríobh Uachtarán an Choimisiúin ar na mallaibh.

***An Mhuir Dhubh***

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an tslándáil agus an chobhsaíocht sa Mhuir Dhubh agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach a ullmhú maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais a fhorbairt i leith na Mara Duibhe.

***Poblacht na Moldóive***

34. Leanfaidh an tAontas Eorpach den tacaíocht ábhartha ar fad a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá aici mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus chun athléimneacht, slándáil agus cobhsaíocht na tíre a neartú i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, go háirithe i gcomhthéacs na dtoghchán agus an reifrinn a bheidh ar siúl san fhómhar. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na gealltanais dhéthaobhacha atá tugtha ag na Ballstáit tacú le Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova), d'fhonn athléimneacht na hearnála slándála a fheabhsú.

35. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an creat caibidlíochta agus gur reáchtáladh an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas Phoblacht na Moldóive. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Poblacht na Moldóive agus tacóidh sé lena cuid iarrachtaí athchóiriúcháin agus í ar a conair Eorpach.

***An tSeoirsia***

36. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur chúis mhór imní di an méid a tharla sa tSeoirsia le déanaí. Is amhlaidh gur cúlú ar na céimeanna a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas tír is iarrthóir é an dlí a glacadh i ndáil le trédhearcacht an tionchair eachtraigh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar údaráis na Seoirsia a bhfuil ar intinn acu a shoiléiriú tríd a bhfuil déanta acu le déanaí a aisiompú ós constaic é ar chonair na Seoirsia i dtreo an Aontais, lena gcuirtear stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais.

37. Is i méid atá an t-imeaglú, na bagairtí agus na hionsaithe fisiciúla ar ionadaithe na sochaí sibhialta, ar cheannairí polaitiúla, ar ghníomhaithe sibhialta agus ar iriseoirí sa tSeoirsia ag dul. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí deireadh leis sin. Meabhraíonn sí gur den bhunriachtanas é go n-urramóidh aon tír ar mian léi a bheith ina ball den Aontas na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe.

38. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar údaráis na Seoirsia a áirithiú go mbeidh na toghcháin pharlaiminteacha san Fhómhair idir shaor agus chóir agus molann sí do na comhpháirtithe breathnóireacht shubstaintiúil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a dhéanamh ar na toghcháin sin. Leanfaidh sí de dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid.

39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht bhuanseasmhach d’iomláine chríochach na Seoirsia. Athdhearbhaíonn sí a dlúthpháirtíocht dhaingean le muintir na Seoirsia agus a hullmhacht leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na tíre sin agus iad ar a gconair i dtreo todhchaí Eorpach.

***Bagairtí hibrideacha***

40. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na cineálacha gníomhaíochtaí hibrideacha ar fad, atá ag teacht chun cinn go tréan agus atá á ndíriú ar an Aontas Eorpach, ar a Bhallstáit agus ar a chomhpháirtithe, lena n-áirítear an t-imeaglú, an tsabaitéireacht, an treascairt, an ionramháil agus an cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, an bhréagaisnéis, cibirghníomhaíochtaí mailíseacha agus ionstraimiú imirceach á dhéanamh ag tríú tíortha. Chuir an Rúis le déine a feachtais trí oibríochtaí gníomhacha nua a chur ar bun ar chríoch na hEorpa. Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit freagairt aontaithe dhiongbháilte ar na gníomhaíochtaí sin.

41. Mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise thar lear, iarrann an Chomhairle an athuair go leanfaí ar aghaidh leis an obair sa Chomhairle chun córas nua smachtbhannaí a bhunú. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe freisin chun gníomhaíochtaí hibrideacha tríú tíortha a bhrath agus a chomhrac, lena n-áirítear insintí bréagacha agus bréagaisnéis.

***Comhrac an fhrithsheimíteachais, an chiníochais agus na seineafóibe***

42. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go neamhbhalbh gach cineál frithsheimíteachais, fuatha, éadulaingthe, ciníochais agus seineafóibe, lena n-áirítear fuath i gcoinne Moslamach.

## VI. <u>AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE</u>

***Ceapacháin***

43. Thogh an Chomhairle Eorpach António Costa ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardrúnaí na Comhairle cuidiú le hUachtarán tofa na Comhairle Eorpaí san idirthréimhse.

44. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach cinneadh Chinn Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu António Costa a cheapadh ina Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

45. Ghlac an Chomhairle Eorpach an cinneadh lena ndéantar Ursula von der Leyen a mholadh do Pharlaimint na hEorpa mar iarrthóir le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh.

46. Measann an Chomhairle Eorpach gurb í Kaja Kallas an t-iarrthóir iomchuí le haghaidh Ardionadaíocht an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, faoi réir comhaontú ó Uachtarán toghaí an Choimisiúin.

***Clár oibre straitéiseach***

47. Ghlac an Chomhairle Eorpach an Clár Oibre Straitéiseach don Aontas 2024-2029 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

## VII. TREOCHLÁR DON OBAIR A DHÉANFAR AMACH ANSEO MAIDIR LE HATHCHÓIRITHE INMHEÁNACHA

48. Chun an tAontas a dhéanamh níos láidre agus chun ceannasacht na hEorpa a fheabhsú a thuilleadh fós, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé an réamhobair inmheánach agus na hathchóirithe inmheánacha a leagan síos chun uaillmhianta fadtéarmacha an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a bhaineann lena thosaíochtaí agus lena bheartais chomh maith lena chumas gníomhú i bhfianaise na réaltachta geopholaitiúla nua agus dúshláin ar níos casta in aghaidh an lae iad.

49. Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin i gcomhthráth le próiseas an mhéadaithe, ós rud é nach mór don Aontas agus freisin do na tíortha a bheidh ina mBallstát a bheith faoi réir, tráth an aontachais.

50. Chuige sin, leagann an Chomhairle Eorpach amach an treochlár seo a leanas don obair a dhéanfar amach anseo:

    a) Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na hathchóirithe agus na hathbhreithnithe beartais atá le déanamh roimh an méadú agus iarrann sí air grinn-athbhreithnithe beartais a thíolacadh faoi Earrach 2025 ina mbeidh gnéithe oibríochtúla maidir leis na ceithre shnáithe a leanas:

        i) luachanna, lena n-áirítear uirlisí agus próisis chun an smacht reachta a chosaint;

        ii) beartais, chun iomaíochas, rathúnas agus ceannaireacht fhadtéarmach an Aontais, *inter alia*, a áirithiú ar an leibhéal domhanda agus chun a cheannasacht straitéiseach a neartú;

        iii) buiséad, lena n-áirítear i gcomhthéacs na chéad chaibidlíochta eile maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a dtíolacfar an togra ina leith faoin 1 Iúil 2025; agus

        iv) rialachas.

    b) Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le todhchaí na hEorpa. Iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair agus tuarascáil leantach a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh 2025, ina ndéanfar machnamh ar na ceithre shnáithe sin.

51. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn i mí an Mheithimh 2025 agus tabharfaidh sí tuilleadh treoraíochta de réir mar is gá.

**IARSCRÍBHINN**

**Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029**

Bunaíodh an tAontas Eorpach chun an tsíocháin a dhaingniú san Eoraip, ag tógáil ar an gcomhar, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an gcomhrathúnas eacnamaíoch. Tá an gealltanas bunaidh sin dár dtreorú i gcónaí agus is é atá mar bhonn ag na tosaíochtaí atá againn d'Eoraip atá láidir, ceannasach.

Tá cruth nua á chur ar an tírdhreach polaitiúil domhanda ag an iomaíocht straitéiseach, ag an éagobhsaíocht dhomhanda atá ag dul i méid agus ag na hiarrachtaí atá á ndéanamh an bonn a bhaint den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Tá an Rúis tar éis cogadh a thabhairt ar ais go dtí ár mór-roinn. Inár gcomharsanacht, sa Mheánoirthear, tá cúrsaí thar a bheith dona. Is mó agus is measa atá an dochar agus an cur isteach ar ár dtimpeallacht nádúrtha mar gheall ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar thruailliú. Tá deiseanna agus rioscaí féideartha ag baint le forbairt thapa na dteicneolaíochtaí nua.

Mar fhreagairt ar na dúshláin as cuimse sin, tá muid tar éis bogadh go mór chun tosaigh ó thaobh an chomhair de agus ó thaobh a chomhtháite atáimid le cúig bliana anuas. Tá príomhspriocanna socruithe againn chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus tá creat uaillmhianach curtha i bhfeidhm againn don aistriú digiteach. Ag obair as lámha a chéile, rinneamar vacsaíní a fhorbairt agus a dháileadh ar fud na hEorpa agus d'éirigh linn mórchiste téarnaimh a bhunú mar fhreagairt ar phaindéim a raibh tionchar neamh-intuartha aige ar ár sochaithe san iliomad bealaí. Sheasamar le chéile le linn na géarchéime fuinnimh chun ár ngeilleagair a chosaint. Agus ba le chéile a d'éirigh linn tacaíocht shuntasach mhíleata agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin chun í féin a chosaint ar chogadh foghach na Rúise agus slándáil na hEorpa a chosaint. Ach ní stopfaimid anseo. Déanfaimid beart de réir bhriathar bhunaitheoirí an Aontais agus cinnteoimid go mbeidh cruthaitheacht ár bhfreagairtí i gcomhréir le méid na ndúshlán atá romhainn.

Mar Aontas agus mar Bhallstáit, déanfaimid ár láidreachtaí agus ár n-acmhainní a thiomsú chun aghaidh a thabhairt ar na blianta atá le teacht, agus sinn aontaithe, diongbháilte. Tabharfaimid aghaidh ar mhianta na saoránach. Neartóimid ár n-iomaíochas agus beimid chun tosaigh, inár mór-roinn aeráidneodrach, agus rath ar an aistriú aeráide agus ar an aistriú digiteach dá réir agus gan éinne a fhágáil ar lár. Rachaimid i ngleic le dúshláin na himirce. Glacfaimid an fhreagracht is gá as ár slándáil agus ár gcosaint féin agus cuirfimid lenár gcumas gníomhú chun ár leasanna a chosaint agus chun gur mó an tionchar a bheidh againn ar fud an domhain. Féachfaimid le bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda, ag tacú leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta, le rialachas cothrom domhanda, le hiltaobhachas cuimsitheach agus leis an bhfás agus forbairt inbhuanaithe.

Beidh geilleagair mhargaidh shóisialta atá láidir iomaíoch ina mótar againn chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach. I saol sár-iomaíoch an lae inniu, ní mór dúinn scóid iomlán a ligean le spiorad fiontraíochta na hEorpa. Is ilchríoch de chuid an aosa gnímh í an Eoraip, d’aos na ndéantóirí agus d’aos na nuála. Ach muinín a bheith againn as ár gcuideachtaí agus as a gcumas deiseanna a dhéanamh de rioscaí, spreagfar an infheistíocht, cuirfear borradh faoin bhfás eacnamaíoch agus beidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta don tionsclaíocht agus don teicneolaíocht, idir ghlas agus dhigiteach.

Is iad ár luachanna agus an smacht reachta ár dtreoir, go hinmheánach agus go seachtrach. Is iad na luachanna sin an bonn ar a dtógfar Aontas níos láidre, níos rathúla agus níos daonlathaí dár saoránaigh.

Tá an Chomhairle Eorpach tar éis teacht ar chomhaontú maidir leis na tosaíochtaí seo a leanas agus iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún iad a chur i ngníomh le linn an chéad timthrialla institiúidigh eile, agus cothromaíocht institiúideach na gcumhachtaí á hurramú, mar a leagtar amach sna Conarthaí í, mar aon le prionsabail na tabhartha, na coimhdeachta agus na comhréireachta. Ní mór na tosaíochtaí sin a bheith greanta sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile den Aontas, chun a áirithiú go mbeidh buiséad an Aontais oiriúnach don todhchaí agus go dtabharfar freagairtí Eorpacha ar dhúshláin Eorpacha. Chuige sin, féachfaimid le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

**Eoraip atá saor daonlathach**

*Na luachanna Eorpacha a chaomhnú laistigh den Aontas*

Is iad ár luachanna ár neart. Leanfaimid de na luachanna bunaidh a chosaint agus a chur chun cinn — meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad — ar cloch choirnéil iad ag an Aontas seo againne.

An urraim don smacht reachta, arb í is bonn don chomhar Eorpach, cuirfimid chun cinn í agus déanfaimid í a chosaint, agus prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát á gcomhlíonadh againn freisin. Neartóimid ár n-athléimneacht dhaonlathach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na saoránach a dhoimhniú, meáin shaora agus an t-iolrachas sna meáin agus an tsochaí shibhialta a chosaint, rachaimid i ngleic leis an gcur isteach eachtrach, agus cuirfimid i gcoinne na n-iarrachtaí ar dhíchobhsú atá á ndéanamh inár gcoinne, lena n-áirítear tríd an mbréagaisnéis agus tríd an bhfuathchaint. Neartóimid an dioscúrsa daonlathach agus áiritheoimid go nglacfaidh ollchuideachtaí teicneolaíochta freagracht orthu féin as an idirphlé daonlathach ar líne a chosaint. Cuirfimid ár n-éagsúlacht chultúrtha agus ár n-oidhreacht chultúrtha chun cinn.

*Ag seasamh lenár luachanna ar an leibhéal domhanda*

Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú go láidir leis an dlíchóras idirnáisiúnta, agus seasfaidh sé go diongbháilte leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe. Go háirithe, déanfaidh an tAontas Eorpach iarrachtaí chun an tsíocháin, an ceartas agus an chobhsaíocht dhomhanda, a chur chun cinn i ngach fóram idirnáisiúnta, mar aon leis an daonlathas, cearta uilíocha an duine agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach i ngach fóram idirnáisiúnta. Déanfaimid ár ndícheall córas iltaobhach athchóirithe a bhaint amach, rud a fhágfaidh gur cuimsithí éifeachtaí a bheidh sé.

**Eoraip atá láidir slán**

*A áirithiú go mbeidh ár gcuid gníomhaíochta seachtraí comhleanúnach agus go mbeidh tionchar aici*

Tá an domhan thart orainn tar éis éirí níos achrannaí, é níos bunaithe ar idirbheartaíocht, é níos éiginnte. Déanfaimid oiriúnú do na cúinsí síorathraitheacha sin, agus uaillmhian an Aontais Eorpaigh á dearbhú againn agus a ról á dhearbhú freisin mar ghníomhaí domhanda straitéiseach sa nuachomhthéacs geopholaitiúil ilpholach.

Is ionsaí ar Eoraip shaor dhaonlathach é an mór-ionradh ar an Úcráin freisin. Seasfaidh an tAontas Eorpach an fód leis an Úcráin agus í ag troid ar son a neamhspleáchais agus a ceannasachta, agus chun a hiomláine chríochach a athghabháil laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tacóimid freisin le atógáil na tíre agus le saothrú na síochána córa. Cuirfimid dlús lenár gcuid oibre chun an tslándáil, an chobhsaíocht, an tsíocháin agus an rathúnas a chur chun cinn inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin freisin.

Oibreoimid i ndlúthchomhar lenár gcuid comhpháirtithe agus forbróimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i gcoiteann againn. Déanfaimid beartais an Aontais, idir inmheánach agus sheachtrach, a ghiaráil ar bhealach dea-chomhordaithe, ar mhaithe le leas an Aontais.

*Ár slándáil agus ár gcosaint a neartú agus ár saoránaigh a chosaint*

Ní mór go mbraithfeadh daoine saor sábháilte anseo san Eoraip. Tá bearta misniúla déanta ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit chun ullmhacht agus acmhainneacht cosanta an Aontais a neartú, lena n-áirítear caiteachas breise a dhéanamh ar chosaint. Amach anseo, infheisteoimid i bhfad níos mó agus níos fearr agus déanfaimid le chéile é, laghdóimid ár spleáchais straitéiseacha, méadóimid ár n-acmhainneachtaí agus neartóimid bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa dá réir sin.

Tá bonn láidir eacnamaíoch ag teastáil chun ár slándáil a mhéadú. Bainfimid leas as na hionstraimí riachtanacha chun ár slándáil agus chun cosaint ár saoránach a neartú, agus chun freagairt ar bhagairtí nua atá ag teacht chun cinn. Cuirfimid feabhas ar an idir-inoibritheacht idir fórsaí armtha na hEorpa. Cuirfimid feabhas gan mhoill ar na dálaí le gur féidir tionscal cosanta na hEorpa a uas-scálú, trí mhargadh cosanta Eorpach níos comhtháite a chruthú, agus tríd an soláthar comhpháirteach a chur chun cinn. Is díol sásaimh dúinn tionscadail shuaitheanta agus tionscnaimh chosanta ó na Ballstáit. Cuirfimid feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach, féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as na roghanna uile, lena n-áirítear trí ról feabhsaithe a thabhairt do Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bheidh ina spreagadh chuige sin.

Ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne. Oibreoimid i gcomhar le comhpháirtithe trasatlantacha agus ECAT, agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail atá leagtha amach sna Conarthaí agus ag an gComhairle Eorpach, gan dochar do chineál sonrach an bheartais slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus leasanna slándála agus cosanta gach Ballstáit á gcur san áireamh ag an am céanna.

Chun an tslándáil laistigh den Aontas a neartú, troidfimid an choireacht as líne agus ar líne agus déanfaimid an t-éilliú a chosc agus a chomhrac, agus úsáid á baint againn as uirlisí uile fhorfheidhmiú an dlí agus an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas seo againne. Beimid tiomanta agus an choireacht eagraithe á comhrac againn agus cuirfimid bac ar shreabhadh na mbrabús aindleathach ó ghníomhaíocht trasteorann coireachta. Troidfimid in aghaidh na n-iarrachtaí chun deighilt, radacú, sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chothú.

Neartóidh an tAontas Eorpach a athléimneacht, a ullmhacht, a acmhainneachtaí coiscthe géarchéime agus a acmhainneachtaí freagartha ar ghéarchéimeanna chun ár saoránaigh agus ár sochaithe a chosaint ar ghéarchéimeanna éagsúla, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha agus éigeandálaí sláinte, agus é sin uile a dhéanamh mar chuid de chur chuige uilíoch ó thaobh guaise agus sochaí de. Cuirfimid dlús lenár bhfreagairt chomhchoiteann ar an gcibearchogaíocht agus ar an gcogaíocht hibrideach, ar an ionramháil agus an cur isteach eachtrach agus ar na bagairtí ar ár mbonneagar criticiúil. Beidh aird ar leith againn ar fheabhsú athléimneacht na sochaí.

*Ag ullmhú d'Aontas níos mó agus níos láidre*

Leagann an réaltacht gheopholaitiúil nua béim ar a thábhachtaí atá méadú an Aontais mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Tá dinimiceas nua ann i bpróiseas an mhéadaithe. Tá sé de fhreagracht anois ar an Aontas agus ar na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an deis sin agus an méid sin a chur in iúl go soiléir.

Leanfaidh an tAontas Eorpach cur chuige fiúntas-bhunaithe i leith an aontachais, a mbeidh dreasachtaí nithiúla mar chuid de. Tacóidh sé le tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit na critéir aontachais a chomhlíonadh trí bhíthin ionstraimí cuí, agus bainfidh sé leas as gach féidearthacht dá bhfuil ar fáil ar mhaithe le leanúint dá lánpháirtiú de réir a chéile a chur chun cinn. Spreagfaidh sé freisin iarrachtaí athchóiriúcháin, go háirithe ó thaobh an smachta reachta de, mar aon leis an lánpháirtiú réigiúnach, an dea-chaidreamh comharsanachta, an t-athmhuintearas agus réiteach na ndíospóidí déthaobhacha.

I gcomhthráth leis sin, tabharfaidh an tAontas Eorpach faoi na hathchóirithe inmheánacha is gá chun a áirithiú go mbeidh ár mbeartais oiriúnach don todhchaí agus go maoineofar iad ar bhealach inbhuanaithe agus go leanfaidh institiúidí an Aontais de bheith ag feidhmiú go héifeachtach.

*Cur chuige cuimsitheach a shaothrú i leith na himirce agus i leith bainistiú teorainneacha*

Is ceann d'éachta bunúsacha an Aontais Eorpaigh é gur féidir le saoránaigh gluaiseacht faoi shaoirse ó cheann ceann an Aontais, agus tá feidhmiú cuí limistéar Schengen ag teastáil chuige sin. Leis an tsaoirse sin, cuirtear de chomhfhreagracht orainn na hoibleagáidí coiteanna atá againn a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme agus teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint ar bhealach éifeachtach. Is réamhriachtanas é sin chun an tslándáil a ráthú agus chun an t-ord poiblí a choinneáil ar bun, i gcomhréir lenár bprionsabail agus lenár luachanna.

Agus cur chuige na gcomhpháirtíochtaí cuimsitheacha á úsáid aige, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhoibriú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. I dteannta a chéile, tabharfaimid aghaidh ar dhúshláin fhadtéarmacha na himirce agus ar na bunchúiseanna atá léi, agus oibreoimid i dtaca le filleadh. Breathnóimid freisin ar na deiseanna a eascraíonn ón imirce, lena n-áirítear trí na bealaí dlíthiúla. Troidfimid na líonraí smuigleála agus scriosfaimid samhail ghnó iad siúd a bhaineann tairbhe as an trádáil mhídhaonna sin. Déanfaimid machnamh ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac. Tiocfaimid ar réitigh chomhpháirteacha ar bhagairt slándála na himirce ionstraimithe.

**Eoraip a bheidh rathúil iomaíoch**

*Ár n-iomaíochas a neartú*

Tá rún daingean againn bunús ár n-iomaíochais fhadtéarmaigh a neartú agus folláine eacnamaíoch agus shóisialta na saoránach a fheabhsú. Oibreoimid chun a gcumhacht ceannaigh a mhéadú, poist mhaithe a chruthú agus cáilíocht earraí agus seirbhísí san Eoraip a áirithiú. Neartóimid ár gceannasacht sna hearnálacha straitéiseacha agus déanfaimid lárionad cumhachta teicneolaíoch agus tionsclaíoch den Eoraip, agus geilleagar oscailte á chur chun cinn ag an am céanna. Déanfaimid ár mbearnaí fáis, táirgiúlachta agus nuála le hais ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus ár bpríomhiomaitheoirí a dhúnadh. Chuige sin, teastaíonn iarracht shuntasach chomhinfheistíochta, lena ndéanfar idir chistiú poiblí agus phríobháideach a shlógadh, lena n-áirítear tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Is é an Margadh Aonair, mótar fadtéarmach an rathúnais agus an chóineasaithe, an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn i ndáil leis sin, agus is é a chuireann ar ár gcumas barainneachtaí scála a bhaint amach. Dá bhrí sin, déanfaimid é a dhoimhniú a thuilleadh, go háirithe i réimsí an fhuinnimh, an airgeadais agus na teileachumarsáide. Bainfimid na bacainní atá fós ann, go háirithe i ndáil le seirbhísí agus earraí riachtanacha, agus áiritheoimid rochtain chomhionann ar an Margadh Aonair trí fheabhas a chur ar an nascacht. Áiritheoimid creat cothrom éifeachtach státchabhrach agus iomaíochta chun sláine an Mhargaidh Aonair agus an cothrom iomaíochta a chaomhnú. Leanfaidh na FBManna de bheith lárnach in uige eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa.

Le gur féidir teacht ar an acmhainneacht riachtanach infheistíochta, cuirfimid dlús leis an gcomhtháthú airgeadais trí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach agus tríd an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Cruthóimid margaí caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite, a bheidh inrochtana agus tarraingteach do na saoránaigh agus do na gnólachtaí uile agus a rachaidh chun tairbhe na mBallstát uile.

Agus sinn ag foghlaim ónár dtaithí, ní cheadóimid go ndéanfaí an bonn a bhaint dár margaí oscailte. Cuirfimid chun cinn ról lárnach na hEagraíochta Domhanda Trádála agus leanfaimid de bheartas trádála uaillmhianach, láidir, oscailte agus inbhuanaithe a shaothrú lena gceadaítear comhaontuithe trádála córa, lena n-osclófar margaí tríú tíortha do chuideachtaí an Aontais, lena gcosnaítear leasanna an Aontais, lenar féidir slabhraí soláthair athléimneacha iontaofa a fhorbairt, lena ráthaítear fíorchothrom iomaíochta agus lena gcruthaítear deiseanna cómhalartacha le haghaidh rochtain ar an margadh. Neartóimid ár slándáil eacnamaíoch, laghdóimid spleáchais dhíobhálacha agus déanfaimid slabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar ár slándáil mhuirí. Cuirfimid lenár n-acmhainneacht sna hearnálacha atá íogair agus i bpríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí, mar atá an chosaint, an spás, an intleacht shaorga, na teicneolaíochtaí candamacha, leathsheoltóirí, 5G/6G, an tsláinte, na bitheicneolaíochtaí, na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, an tsoghluaisteacht, ceimiceáin agus ardábhair. Tá sé ríthábhachtach an nuálaíocht agus an taighde a chur chun cinn, chomh maith le huirlisí cosúil leis an soláthar poiblí a ghiaráil, san iarracht sin.

*A dhéanamh go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach*

Agus sinn ar ár mbealach i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050, beidh muid pragmatach agus bainfidh muid gaisneas as acmhainneacht an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh chun margaí, tionscail agus poist ardcháilíochta na todhchaí a chruthú. Cumhdóimid creat cobhsaí agus intuartha agus cruthóimid timpeallacht níos tacúla chun acmhainneacht mhonaraíochta na hEorpa a mhéadú le haghaidh teicneolaíochtaí agus táirgí glan-nialasacha. Infheisteoimid i réimse leorleathan bonneagair trasteorainn ar mhaithe le fuinneamh, uisce, iompar agus cumarsáid.

Saothróimid aistriú aeráide a bheidh cóir cothrom, agus é mar aidhm againn leanúint de bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda agus ár gceannasacht fuinnimh a mhéadú. Bunóimid aontas fíréanta fuinnimh trí dhlús a chur leis an aistriú fuinnimh, lena ndaingneofar soláthar flúirseach fuinnimh inacmhainne ghlain. Chuige sin, beidh gá le leictriú uaillmhianach agus úsáid á baint as gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin, agus le hinfheistíocht in eangacha, stóráil agus idirnaisc. Déanfaimid geilleagar a fhorbairt a bheidh níos ciorclaí agus níos tíosaí ar acmhainní, lena gcuirfear chun cinn forbairt thionsclaíoch na dteicneolaíochtaí glana, lena mbainfear leas iomlán as an mbithgheilleagar, lena nglacfar go groí leis an tsoghluaisteacht ghlan agus chliste, ar bhonn bonneagair gréasáin leordhóthanacha. Méadóidh sé sin fíor-ioncaim agus an chumhacht ceannaigh, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála shaoránaigh uile an Aontais.

Bainfimid gaisneas as acmhainneacht neamhshaothraithe na sonraí, cuirfimid idir-inoibritheacht na sonraí chun cinn agus spreagfaimid an infheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha ceannródaíocha san Eoraip, rud a dhéanfaidh a gcur i bhfeidhm a neartú ar fud an gheilleagair, agus príobháideachas agus slándáil á n-áirithiú ag an am céanna. Chuige sin, beidh gá le bonneagar digiteach ceannródaíoch. Ag tógáil ar chéannacht dhigiteach an Aontais, cruthóimid ríomhsheirbhísí nua ardcháilíochta ar fud an Aontais.

Cuirfidh an tAontas Eorpach earnáil talmhaíochta chun cinn a bheidh iomaíoch, inbhuanaithe athléimneach agus a leanfaidh den tslándáil bia a áirithiú. Tacóimid le pobail bheoga tuaithe agus neartóimid seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia. Leanfaimid orainn de bheith ag cosaint an dúlra agus de dhíghrádú na n-éiceachóras a aisiompú, lena n-áirítear na farraigí. Neartóimid athléimneacht an uisce ar fud an Aontais.

*Timpeallacht atá fabhrach don nuáil agus don ghnó a chur chun cinn*

I ngeilleagar atá bunaithe níos mó agus níos mó ar eolas agus ar shonraí agus i margadh atá domhanda agus iomaíoch, déanfaidh an Eoraip a cuid gnólachtaí agus tionscal a thionlacan, a chothú agus a fhás, déanfaidh sí tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus féachfaidh sí le leanúint de bheith ina suíomh tarraingteach infheistíochta.

Cuirfimid borradh faoi chumas nuála na hEorpa sa taighde agus sna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus sna teicneolaíochtaí cumasúcháin, lena n-áirítear le haghaidh dé-úsáide. Chun neart tionsclaíoch a bhaint amach sna príomhearnálacha, ní mór don Aontas iomaíocht chóir a chosaint, cleachtais éagóracha a chomhrac agus an cothrom iomaíochta a áirithiú idir go hinmheánach agus ar fud an domhain.

Chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí, déanfaimid an t-ualach maorlathach agus rialála a laghdú ar bhealach suntasach ar gach leibhéal agus déanfaimid na nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, a luasghéarú agus a dhigitiú, lena n-áirítear nósanna imeachta ceadúnacháin, le freastal ar riachtanais timpeallachta infheistíochta nua-aimseartha, dinimiciúla, fabhrach do thomhaltóirí. Geallaimid rialáil níos fearr a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an úsáid is fearr a bhaint as an rialtas digiteach agus riachtanais FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta á gcur san áireamh. Oibreoimid ar bhealach comhtháite comhordaithe i ngach réimse beartais agus béim á leagan againn ar bheartais chomhaontaithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

*Dul chun cinn le chéile*

Ní mór don fhás eacnamaíoch a bheith chun tairbhe na saoránach uile. Seasfaimid leis an ngné shóisialta den Aontas Eorpach ionas go mbeidh gach duine in ann na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a thapú. Tabharfaimid aghaidh ar bhealach cuimsitheach ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar an tionchar atá acu ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas. Áiritheoimid go dtacóidh samhail eacnamaíoch agus córais leasa shóisialta na hEorpa le sochaí rathúil na fadsaolach. Sa chomhthéacs sin, neartóimid a thuilleadh an comhar sláinte ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus cuirfimid feabhas ar an rochtain ar chógais leighis ar fud an Aontais.

Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt scileanna na ndaoine, ina gcuid oiliúna agus oideachais ar feadh a saoil agus spreagfaimid soghluaisteacht tallainne laistigh den Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Ag meabhrú dóibh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, beidh sé d'aidhm ag an Aontas agus ag na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta a neartú, an comhionannas deiseanna a chaomhnú agus na neamhionannais a laghdú. Is den ríthábhacht a bheidh sé rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus cur chun cinn fostaíochta an óige a mhéadú sna blianta amach romhainn.

D'fhonn forbairt iomlán chomhchuí an Aontais a chur chun cinn, cuirfimid feabhas ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach arb é is aidhm dó an cóineasú aníos leanúnach a bhaint amach, éagothromaíochtaí a laghdú, dlús a chur lenár athléimneacht agus iomaíochas agus fás fadtéarmach a spreagadh ar fud an Aontais.

***

Is inár lámha féin atá ár gcinniúint. Tá an tallann, an misneach agus an fhís againn chun todhchaí rathúil a mhúnlú dúinn féin. Tá an Clár Oibre Straitéiseach seo ina ghealltanas comhpháirteach againn go bhféachfaimid le freastal gan staonadh ar ár saoránaigh agus lenár gcuspóir bunaidh, .i. an tsíocháin agus an rathúnas, a bhaint amach.